
# Dé Máirt
# Oifig San Proinsias



*(Dul faoi na gréine laistiar de na Staighrí Dubha agus abhann na Sláine)*

Moladh leat, a Thiarna liom, le do chréatúir go léir,
Go háirithe an Bráthair uasal Grian ... agus ón tSiúr Uisce,
Atá fóinteach, umhal, glan, luachmhar ...

Crom chugam le Cúnamh a Dhia.
Brostaigh a Thiarna agus cabhraigh liom.

Nascaim mé féin inniu:
Le neart tréan, impí na Tríonóide,
Creideamh i dTriaracht agus admháil Aontacht
An IlChruthaitheora.

Glóir don Athair ...


## Caintic an Bhráthar Grian

(Tá na haistriúcháin seo ar scríbhinní San Proinsias tógtha ón leabhar **Mise Proinsias Bhur mBráithrín** leis an Athair Greagóir Ó Seanacháin OFM agus an Athair Pól Ó Súilleabháin OFM agus ó **Proinsias** leis an Athair Odhrán Ó Duáin OFM.)

A Thiarna mhaith ró-aird na n-uile chumhacht!
Leatsa gach moladh is glóir, gach onóir is gach beannacht.
Duit féin amháin, a Ró-Aird, is cóir á dtabhairt
Ní fiú aon duine d'ainmse a labhairt.

Moladh leat, a Thiarna liom, le do chréatúir go léir,
Go háirithe an Bráthair uasal Grian,
Óir soilsíonn sé an lá; is tríd a ghealann tú an saol,
É sciamhach, é lonrach le sáráilleacht,
Gur leatsa féin is samhalta é, a Ró-Aird.

Moladh leat, a Thiarna liom, ón tSiúr Ré is na réaltaí;
Chuir tú ar an spéir iad go soilseach, luachmhar, gléineach.



Molaigí agus móraigí an Tiarna agus gabhaigí bhur mbuíochas,
Is déanaigí fónamh dó le móruirílse.

**Ainteafan 1**
Moladh leat, a Thiarna liom, le do chréatúir go léir.

# Salm 8

## Maorgacht Dé agus Gradam an Duine

*Salm Dháiví.*
A Thiarna, ár dTiarna, nach éachtach é
d'ainm ar fud na cruinne!
Moltar do mhaorgacht os cionn na spéartha
as béal naíonán agus leanaí cíche.
Bhunaigh tú daingean in aghaidh d'eascairde

d’fhonn naimhde agus ceannaircigh a chloí.



*(Fuinneog i séipéal na bProinsiasach i Loch Garman)*
*Chuaigh Proinsias bocht, uiríseal ar neamh agus é lán de shuáilcí.*

Nuair a fheicim na spéartha, saothar do mhéar –
an ré agus na réaltaí a rinne tú –
cad is duine ann go dtógfá ceann de?
ná mac an duine go ndéanfá cúram de?

Rinne tú beagán níos lú ná dia é
gur chuir tú barr glóire agus gradaim air.
Thug tú ceannas ar oibreacha do lámh dó
agus chuir tú gach aon ní faoina chosa,
idir chaoirigh agus eallaí agus eile
agus ainmhithe uile an mhachaire,
éanlaith an aeir agus iasc na mara
agus a ngluaiseann ar raonta na farraige.

A Thiarna, ár dTiarna, nach éachtach é
d’ainm ar fud na cruinne!

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 1**

Moladh leat, a Thiarna liom, le do chréatúir go léir.



*Solas agus scáilí an tráthnóna ar Bhaisleach San Clár in Assisi*

**Ainteafan 2**
Is tú mo dhídean; a bhfuil agam i dtír na mbeo.

## Salm 142 (141)

*Nuair a bhí San Proinsias ag fáil báis ag an Portiuncula in 1226 d'iarr sé ar na bráithre an salm seo a rá. Fuair sé bás ag an véarsa deiridh.*

Glaoim os ard ar an Tiarna;
achainím os ard ar an Tiarna.
Déanaim mo ghearán go dian ina fhianaise;
agus nochtaim m'anacra ina láthair.
Nuair a bhí mo spiorad á chloí istigh ionam,
b'eol duit féin mo shlí.

Sa tslí ina bhfuil mo shiúl
cuireadh gaiste i bhfolach romham.
Breathnaím ar mo dheis agus feicim
nach bhfuil neach ann a dhéanfadh cúram díom.

Níl bealach éalaithe agam;
ní chuireann aon neach spéis i m'anam.
Is ort a ghlaoim, a Thiarna;
deirim: "Is tú mo dhídean;
a bhfuil agam i dtír na mbeo."
Éist, dá bhrí sin, le mo ghlao;

óir tá mé i gcorrach na haimiléise.

Fuascail mé ó lucht mo ghéarleanúna,
óir is treise iad siúd ná mé.
Seol mé amach as an gcarcair seo
chun go dtabharfaidh mé buíochas do d'ainm.
Tionólfaidh na fíréin i mo thimpeall
toisc go roinnfidh tú go flaithiúil fial liom.

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 2**
Is tú mo dhídean; a bhfuil agam i dtír na mbeo.



*Radharc ó San Damiano síos i dtreo Bhaisleac an Phortiuncula*

**Ainteafan 3** Molaimis agus móraimis é go hard de shíor.


## Salm Molta San Phroinsias

Is naofa tú, a Thiarna Dia. Is tú amháin a dhéanann iontais.
Is cumhachtach thú. Is mór. Tusa an té is airde.
Tusa an rí uilechumhachtach, a Athair naofa, rí neimhe is talún.
Tusa an Tríonóid agus an t-aon Dia amháin, an mhaith iomlán.
Tusa an mhaith, gach maith, an tsármhaith, an Tiarna Dia beo go fíor.
Tusa an charthanacht, an grá, an eagna, an uirísle, an fhoighne.
Tusa an tsocracht, an scíth, an t-áthas agus an lúcháir.
Tusa iomlán an tsaibhris go sách.

Tusa an áilleacht, an cheansacht.
Tusa an Cumhdaitheoir, an Caomhnaí agus an Cosantóir.
Tusa an neart, an fhionnuaire, ár ndóchas, ár gcreideamh, ár mhórmhilse.
Tusa ár mbeatha shíoraí, Tiarna mór an iontais, Dia na huilechumhachtacha,
Slánaitheoir na trócaire.

Glóir don Athair ...

**Ainteafan 3**
Molaimis agus móraimis é go hard de shíor.



*Scrín in airde ar bhalla in Assisi*

## Sliocht as Litir Naomh Pól chuig na Filipigh (3, 7-11)

Na buntáistí seo a bhí agam, áfach, tá áirithe anois agam gur caillteanas glan iad mar gheall ar Chríost. Agus ní hé sin amháin é ach áirím gur caillteanas gach uile ní le hais an bhua thar barr atá faighte agam: aithne a chur ar Íosa Críost, mo Thiarna. Ar mhaithe leis sin ligeas an t-iomlán ar ceal, agus tuigtear dom nach raibh ann ach truflais, le go ndéanfainn Críost a ghnóthú agus mé a bheith aontaithe leis. Ní hí m'fhíréantacht féin atá anois agam, is é sin le rá an fhíréantacht a ghabhann le comhlíonadh an dlí, ach an fhíréantacht a ghabhann le creideamh i gCríost, an fhíréantacht a thagann ó Dhia féin agus atá bunaithe ar an gcreideamh. Níl uaim anois ach aithne a chur ar [Chríost] agus ar éifeacht a aiséirí, ar bheith páirteach leis ina phiolóidí agus bheith cosúil leis ina bhás le hionchas go dtiocfainn ar shlí éigin chun an aiséirí ó mhairbh.

Freagra: Chuaigh Proinsias bocht, uiríseal ar neamh agus a anam lán de shuáilcí.
*(abair an freagra arís)*
Véarsa: A Phroinsias bheannaithe tóg faoi do chúram muid.

*(Abair an freagra arís)*
Glóir don Athair ...
*(abair an freagra arís)*




*(Fuinneog i séipéal Bhaile an Ultaigh, Co. Thiobraid Árann)*

**Ainteafan an Magnificat**
Is máithreacha Chríost muid nuair a iompraímid é inár gcroí is inár gcolainn trí ghrá.

## An Magnificat

Mórann m'anam an Tiarna,
agus rinne mo spiorad gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.
Óir dhearc sé le fabhar ar ísle a bhanóglaigh;
mar féach, déarfaidh na glúine uile feasta gur méanar dom.


Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm,
agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin dóibh seo ar a mbíonn a eagla.

Thaispeáin sé neart a láimhe:
scaip sé an dream a bhí uaibhreach i smaointe a gcroí.
Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha,
agus d'ardaigh sé daoine ísle;

Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe,
agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.
D'fhóir sé ar Iosrael a sheirbhíseach,
ag cuimhneamh dó ar a thrócaire –
de réir mar gheall sé dar n-aithreacha –

d’Abrahám agus dá shliocht go brách.

Glóir don Athair ...




**Ainteafan an Magnificat**
Is máithreacha Chríost muid nuair a iompraímid é inár gcroí is inár gcolainn trí ghrá.

## Paidreacha Impí

San áit a bhfuil fuath, go gcuire mé grá.
*Freagra:* A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána.
San áit a bhfuil éagóir, go gcuire mé pardún.
*Freagra:* A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána.
San áit a bhfuil amhras, go gcuire mé creideamh.
*Freagra:* A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána.
San áit a bhfuil éadóchas, go gcuire mé dóchas.
*Freagra:* A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána.
San áit a bhfuil dorchadas, go gcuire mé solas.
*Freagra:* A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána.
Agus san áit a bhfuil brón, go gcuire mé lúcháir.
*Freagra:* A Thiarna, déan díom cuisle do shíochána.

Ár nAthair...

# Paidir Chlabhsúir

**(Paidir San Proinsias)**

Go dtarraingí, impím ort, a Thiarna,
Brí bheodhearg mhilis do ghrása
Mo mheon aniar as an uile ní atá faoi neamh,
Chun go bhfaighinnse bás le mo ghrá do do ghrása,
Óir dheonaigh tusa le grá do mo ghrása,
Bás a fháil.
Cuirimid ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leat mar aon leis an Spioraid Naomh, ina Dhia go brách na breithe. Áiméan.

Go mbeannaí an Tiarna muid, go gcoinní sé ó olc muid agus go dtuga sé chun na beatha síorraí muid. Áiméan.




San Proinsias i mbun oibre ar shéipéal San Damiano
(Grianghraf de phlaic in Assisi)